



**etb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Dhún na nGall  
*Donegal Education and  
Training Board*

## **Tuarascáil ar Fhóram Ghuth na Mac Léinn FET; 2020**

### **Fís Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

Sármhaitheas maidir le seirbhís oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil, seirbhís atá foghlaimeoirí.

### **Misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

Oideachas agus oiliúint inrochtana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn, a sholáthar agus tacú leis, rud a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách.

## CLÁR

I. COMHTHÉACS .....	3
II. FORMÁID AGUS MODHEOLAÍOCHT .....	4
III. TORTHAÍ .....	5
Topaic 1: Teagasc agus Foghlaim .....	5
Topaic 2: Acmhainní agus an Timpeallacht Foghlama .....	5
Topaic 3: Taithí Phearsanta .....	6
Topaic 4: Cúram Tréadach .....	6
Topaic 5: Tacaíocht do Mhic Léinn .....	7
Topaic 6: Mol Mac Léinn .....	7
Topaic 7: Beartas agus Nós Imeachta ETB Dhún na nGall maidir le Guth na Mac Léinn .....	8
Topaic 8: Cairt Mac Léinn ETBI .....	8
Topaic 9: Cumarsáid agus Faisnéis .....	9
Topaic 10: Cuimsiú agus Éagsúlacht .....	10
Topaic 11: Taithí Oibre .....	11
Topaic 12: Dúshlán .....	11
Suirbhé <i>Mentimeter</i> .....	12
IV. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ .....	16

## I. COMHTHÉACS

Faoi mar a chuireann ráitis Físe agus Misin in iúl go soiléir, caithfidh córas Dearbhaithe Cáilíochta (DC) Sheirbhís Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a bheith ar mhaithe le riachtanais agus eispéiris na mac léinn. Tá Seirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i mbun córas comhtháite DC a fhorbairt le tacú leis an sprioc sin a bhaint amach, an caighdeán sin a choinneáil, agus cloí leis na croí-threoirí DC arna n-eisiúint ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Tá gá le mic léinn a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar fud chláir oideachais agus oiliúna na Seirbhíse FET i dtaca leis na céimeanna pleanála, measúnaithe agus athbhreithnithe den timthriall cáilíochta sa chóras comhtháite DC. Sa chomhthéacs sin, tionóladh ócáid tionscnaimh Sheirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall .i. an fóram 'Guth na Mac Léinn' in Óstán an Radisson i Leitir Ceanainn Dé Máirt, 11 Feabhra 2020.

D'fhreastail os cionn céad mac léinn ó gach cearn den tSeirbhís FET ar an fhóram, a raibh sé mar aidhm aige faisnéis a bhailiú uathu faoina dtaithe ar Sheirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

I measc na mbeart a rinne Rialtas na hÉireann le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19, druideadh scoileanna, coláistí agus ionaid oiliúna ar an 12 Márta 2020, agus iarradh ar bhaill foirne oibriú go cianda ina dhiaidh sin. Cé go raibh na cúinsí a bhaineann leis an phaindéim mar chuid lárnach den saol náisiúnta ina dhiaidh sin, agus cé go raibh impleachtaí tromchúiseacha ag na bearta maolaithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le dearbhú cáilíochta sheirbhísí ETB Dhún na nGall, ní rabhtas ag súil leo nuair a bhí fóram Ghuth na Mac Léinn ar siúl. Dá bhrí sin, baineann an fhaisnéis uilig a bailíodh ag an fhóram le gnáthsholáthar sheirbhísí ETB Dhún na nGall .i. tá oideachas, oiliúint agus measúnuithe ag tarlú in ionaid ainmnithe Breisoideachais agus Oiliúna (FET), gan cleachtais ar nós scaradh fisiciúil.

## II. FORMÁID AGUS MODHEOLAÍOCHT

Cé gur chuir drochaimsir isteach ar an tinreamh, ghlac 105 (as an 135 a fuair cuireadh) páirt san fhóram.

Labhair Oifigeach Oideachais d'Aosaigh (OOA) ETB Dhún na nGall, Charlie Gorney, agus an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Cróna Gallagher, leis an fhóram ar dtús. Ansin labhair beirt chéimithe ó chláir bhreisoideachais, Christopher McEleney agus Sheila Leeper; chuir siad síos ar a dtaithe ar a bheith ina mic léinn FET agus rinne siad trácht ar a raibh gnóthaithe acu.

I ndiaidh na gcainteanna sin, treoraíodh lucht freastail trí shraith gníomhaíochtaí thar dhá sheisiún. Bhí sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí sin aiseolas a bhailiú ó mhic léinn maidir lena dtaithe ar ghnéithe éagsúla de sholáthar Seirbhíse FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Ba iad an dá ábhar déag a chlúdaigh na gníomhaíochtaí:

1. Teagasc agus Foghlaim
2. Acmhainní agus an Timpeallacht Foghlama
3. Taithí Phearsanta
4. Cúram Tréadach
5. Tacaíocht do Mhic Léinn
6. Mol Mac Léinn
7. Beartas agus Nós Imeachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir le Guth na Mac Léinn
8. Cairt Mac Léinn ETBI
9. Cumarsáid agus Faisnéis
10. Cuimsiú agus Éagsúlacht
11. Taithí Oibre
12. Dúshlám

I ndiaidh dóibh na gníomhaíochtaí a chríochnú, iarradh ar na mic léinn páirt a ghlacadh i suirbhé gan ainm, a rinneadh leis an uirlis cur i láthair, idirghníomhach ar líne, *Mentimeter*. Cuireadh leaganacha páipéir ar fáil ag gach tábla d'aon duine nach raibh ríomhaire glúine, taibléad nó fón cliste acu, nó arbh fhéarr leo gan páirt a ghlacadh ar líne. Bhí an suirbhé dírithe ar fhaisnéis a bhailiú faoi thaithí agus faoi thuairimí na mac léinn ar sheirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus faoin ócáid fóraim a raibh siad ag freastal uirthi. Ba iad na ceisteanna a cuireadh:

1. Cad é mar a fuair tú amach faoi do chúrsa?
2. An mbraitheann tú go raibh tú ar an chúrsa cheart?
3. Ar thacaigh Seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leat an rogha ceart cúrsa a dhéanamh?
4. Déan do thaithí le Seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a rátáil, le do thoil.
5. Tabhair moltaí, le do thoil, maidir leis an dóigh ar féidir linn Seirbhísí FET ETB Dhún na nGall a fheabhsú.
6. Bhí ócáid an lae inniu dírithe ar do ghuth a ghabháil! Déan rátáil, le do thoil, ar cé chomh héifeachtach agus a rinneadh é sin.
7. Tabhair moltaí, le do thoil, maidir leis an dóigh ar féidir linn Guth na Mac Léinn a ghabháil amach anseo.
8. Cad iad na cúrsaí ba mhaith leat dá dtairgfheadh Seirbhísí FET amach anseo?
9. Cén modh seachadta is fearr a oireann do do riachtanais?
10. An fearr leat an téarma 'mac léinn' nó 'foghlaiméoir'?
11. An molfá seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall do chara de do chuid?

Taifeadh na sonraí loma go léir ar scarbhileoga ina dhiaidh sin, ag úsáid Microsoft Excel. Nuair a dhéantar suirbhé le *Mentimeter* gintear scarbhileoga go huathoibríoch ina bhfuil na freagraí a chuirtear isteach ar líne; cuireadh na freagraí a tugadh ar na leaganacha páipéir den suirbhé leis na scarbhileoga sin.

### III. TORTHAÍ

#### Topaic 1: Teagasc agus Foghlaim

Bhí an chuid is mó de bharúlacha na mac léinn an-dearfach, le go leor acu ag tagairt don chaighdeán shármhaith nó an-mhaith teagasc agus foghlama ina n-ionaid agus ardchaighdeán na n-acmhainní atá ar fáil. Mheas tromlach na mac léinn go raibh na múinteoirí/oidí/teagascóirí cairdiúil agus tacúil.

I measc na mbarúlacha diúltacha a tugadh bhí an easpa aiseolais, coimrí measúnuithe atá casta agus nach bhfuil scríofa go maith, ábhair imní maidir le socrúcháin oibre, agus roinnt modúl/cúrsaí a bheith rófhada.

#### Measúnuithe

Ar an iomlán, bhí na mic léinn sásta leis an mheascán measúnuithe agus scrúduithe i bhformhór na gcúrsaí, agus bhraith siad gur léiriú maith iad ar chumas an mhic léinn.

Rinne roinnt mac léinn trácht ar choimrí na measúnuithe modúl, ag rá go raibh siad as dáta agus doiligh a thuiscint. D'iarr siad níos lú scrúduithe agus measúnuithe ar feadh fhad an chúrsa.

Luadh níos mó fógra faoi mheasúnuithe agus amchlár níos struchtúrtha do mheasúnuithe agus do scrúduithe mar fheabhsuithe atá riachtanach.

Iarradh tuilleadh treorach maidir le tagairtí agus tréimhse feithimh níos giorra le haghaidh torthaí measúnuithe.

D'iarr mic léinn rochtain ar an fheidhmchlár Leabharchoimeáda ionas go dtiocfadh leo é a úsáid sa bhaile.

#### Moltaí Teagasc agus Foghlama

- *Aiseolas maidir le measúnú múnlaiteach agus suimitheach a fheabhsú.*
- *Athbhreithniú a dhéanamh ar fhad na gcúrsaí; ba chóir go mbeadh an t-am a ghlacann sé le cúrsa a chríochnú mar an gcéanna ar fud seirbhíse.*
- *Áiseanna a fheabhsú - rochtain ar ríomhairí, ar áiseanna ginearálta.*
- *Athbhreithniú a dhéanamh ar choimrí measúnuithe agus iad a fheabhsú - is minic nach mbíonn siad scríofa go maith, bíonn siad casta agus as dáta.*
- *Eagrúchán na socrúchán a fheabhsú.*
- *Eagrúchán agus ullmhúchán níos fearr do scrúduithe.*
- *Teastaíonn níos mó tacaíochta aghaidh ar aghaidh do mhic léinn ag tús na gcúrsaí.*

#### Topaic 2: Acmhainní agus an Timpeallacht Foghlama

Cé go raibh go leor mac léinn sásta le hacmhainní a bheith ar fáil, bhí go leor moltaí ann maidir le hacmhainní breise ar fud na n-ionad FET go léir. Tá difríocht ann i dtaca le hinfhaighteacht acmhainní idir ionaid éagsúla. Mar shampla, moladh áiseanna ceaintín i roinnt ionad, ach rinneadh tagairt d'easpa áiseanna ceaintín in ionaid eile.

#### Moltaí maidir le hAcmhainní agus an Timpeallacht Foghlama

Tá seomraí ranga i measc na n-áiseanna ar gá iad a fheabhsú. Cuireadh síos ar sheomraí a bheith teoranta, agus tugadh faoi deara go raibh infheictheacht maidir leis an chlár bán/teilgeoir agus easpa acmhainní leabharlainne mar ghnéithe den timpeallacht foghlama ar gá aird a thabhairt orthu.

- *Ba chóir do Sheirbhísí FET cúrsa ardleibhéil a thairiscint agus níor chóir go mbeadh ar na mic léinn dul chuig LYIT mar pháirt den chúrsa sin.*
- *Faisnéis a fheabhsú maidir le roghanna dul chun cinn.*
- *Cuir páirceáil rothar ar fáil - tá gá le racáil ar mhaithe le sábháilteacht.*
- *Seomraí ranga rófhuar.*
- *Tá an láthair caite tobac go dona.*
- *Níl fuinneoga i ngach seomra ranga.*
- *Rochtain a fheabhsú ar an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach.*

### **Topaic 3: Taithí Phearsanta**

Bhí freagra thar a bheith dearfach ó na mic léinn maidir lena dtaithí phearsanta. Tá sé breá soiléir gur mheas formhór na mac léinn go raibh a dtaithí dearfach nó an-dearfach. Thagair go leor mac léinn don timpeallacht thacúil agus don atmaisféar fáilteach cairdiúil agus do ghnéithe eile cosúil le méadú ar mhuintín, féinmheas, gnéithe sóisialta, cairdeas a dhéanamh le daoine, imeascadh leis an tsochaí agus an timpeallacht éagsúil.

Tugadh roinnt barúlacha maidir leis an dóigh a raibh cairdeas úr agus caidrimh úra déanta ag go leor mac léinn agus iad i mbun a gcúrsa. Is léir, ó bhreathnú ar an aiseolas agus ar dhearcaí na mac léinn, go bhfuil an ceangal sóisialta a bhaineann leis an chúrsa (cairdeas a dhéanamh) chomh tábhachtach le gné an teagaisc agus na foghlama.

#### **Moltaí maidir le Taithí Phearsanta**

I measc na réimsí atá le feabhsú maidir le taithí phearsanta tá: measúnuithe deacra, easpa dul chun cinn, agus leadrán sa rang.

- *Feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim chun freastal ar riachtanais aonair - bíonn cúrsaí ar leith deacra do roinnt mac léinn agus bíonn na cúrsaí céanna ró-éasca do chuid eile ar luas níos moille ná mar a theastaíonn.*
- *Sceidil na measúnuithe a fheabhsú ionas nach mbeidh sprioc-amanna ag teacht salach ar chéile .i. cuid mhaith acu ag an am céanna.*

### **Topaic 4: Cúram Tréadach**

Ar an iomlán, bhí go leor tuairimí an-dearfacha ann. I measc na dtuairimí sin tá: timpeallacht shláintiúil d'fholláine choirp agus mheabhrach, taithí phearsanta an-mhaith, tá an fhoireann thar a bheith cairdiúil agus cuidiúil, níos mó muintín i measc na mac léinn, treoir den scoth, tacaíocht ó dheontas SUSI, meas á léiriú ag múinteoirí ar mhic léinn, mic léinn atá spreagtha le dul chun cinn, timpeallacht thacúil dhearfach, mic léinn chumasaithe, tacaíocht agus treoir iontach ó oidí.

#### **Moltaí maidir le Cúram Tréadach**

Is léir go bhfuil roinnt saincheisteanna ann a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhic léinn i rith an ama a bhfreastalaíonn siad ar a gcúrsa. Cé gur léir go ndéileálann múinteoirí/oidí/teagascóirí go sásúil leis na saincheisteanna sin ar an iomlán, i gcásanna áirithe teastaíonn tacaíocht bhreise ó na mic léinn, tacaíocht nach mbíonn i gcónaí ar fáil dar leo. I measc na saincheisteanna sin tá: cothromaíocht oibre is saoil, cúram leanaí, deacrachtaí foghlama, breoiteacht/saoire bhreoiteachta, an dúshlán a bhaineann leis an chúrsa, brú maidir le measúnuithe, ualach oibre, strus, cumha i ndiaidh an bhaile, deacrachtaí airgeadais, iompar, roghanna dul chun cinn, easpa treorach, socrúcháin oibre a aimsiú agus easpa tacaíochta ar an iomlán.

- *Athbhreithniú a dhéanamh ar thacaíocht ag leibhéal an chláir/an chúrsa le measúnú a dhéanamh ar na gnéithe a bhfuil feabhas de dhíth orthu.*
- *Bainistíocht ranga a fheabhsú - is dóigh liom gur gá aird a thabhairt ar easaontas idir mic léinn, caithfeadh a bheith níos dairíre faoi.*
- *Déan athbhreithniú ar sceidil measúnuithe ionas nach gcuirtear brú ar mhic léinn, rud a tharlaíonn nuair a bhíonn roinnt sprioc-amanna ann ag an am céanna.*
- *Eagrúchán na taithí oibre a fheabhsú - cuireann taithí oibre isteach ar bhreiseoidéachas - ba cheart go mbeadh socrúcháin oibre ainmnithe ann.*
- *Treoir a fheabhsú i PLCanna.*

### **Topaic 5: Tacaíocht do Mhic Léinn**

Bhí barúlacha dearfacha ann maidir leis an tacaíocht den scoth a sholáthraíonn múinteoirí/oidí/teagascóirí. Is léir ón réimse tuairimí go bhfuil sé furasta dul chun cainte leis na múinteoirí/oidí/teagascóirí agus soláthraíonn siad tacaíochtaí éagsúla lasmuigh den timpeallacht teagaisc agus foghlama, mar shampla meabhairshláinte agus comhairle airgeadais. Soláthraíonn go leor múinteoirí/oidí/teagascóirí na tacaíochtaí luachmhara sin do mhic léinn taobh amuigh d’amanna ranganna struchtúrtha.

#### **Moltaí maidir le Tacaíocht Mhic Léinn**

Bhí cúpla barúil chriticiúil ann maidir leis an easpa cuidithe do mhic léinn a raibh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu (litearthacht srl.). Rinneadh tagairt fosta do ‘theicnící náirithe’, a thabharfadh le tuiscint go bhfuil gá le hioigaireacht níos mó agus muid ag déileáil le tacaíochtaí breise laistigh den seomra ranga, agus réimse ina bhféadfadh oiliúint bhreise a bheith ag teastáil do mhúinteoirí/oidí/ teagascóirí.

Iarradh go gcuirfí saoráidí éigeandála ar fáil in ionaid m.sh. cithfholcadáin/meaisín níocháin, saoráidí a d’fhéadfadh mic léinn a úsáid.

### **Topaic 6: Mol na Mac Léinn**

Bhí go leor moltaí úsáideacha ann faoi na rudaí a d’fhéadfaí a áireamh i Mol na Mac Léinn.

- *Rochtain ar na torthaí go léir (scrúduithe, measúnuithe).*
- *Na poist fhéideartha atá ar fáil don réimse staidéir, ullmhúchán don fhostaíocht.*
- *Tacaíocht - fóram, comhrá - teagmháil le comhscoláirí.*
- *Spriocdhátaí, measúnuithe le bheith istigh, dátaí scrúduithe/ laethanta saoire.*
- *Polasaithe agus nósanna imeachta.*
- *Critéir ar leith maidir le cáilitheacht an chúrsa / Struchtúr táillí an chúrsa.*
- *Naisc do mhic léinn chuig dearbháin/coigiltis/lascainí.*
- *Leas mac léinn / Comhairle agus tacaíocht airgeadais / Meabhairshláinte.*
- *Liosta de chlubanna/imeachtaí sóisialta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall atá á n-eagrú agus á gcur ar bun ag mic léinn reatha.*
- *Amchláir busanna agus lascainí do mhic léinn le cuidiú leo taisteal chuig a gcuid cúrsaí.*
- *Dul chun cinn - cúrsaí atá ag teacht aníos.*
- *Laethanta oscailte liostaithe agus faisnéis faoi na laethanta go léir atá le bheith ann.*
- *Treoir i ndiaidh an chúrsa.*
- *Liosta cóiríochta do mhic léinn.*
- *Rochtain ar sheirbhísí éigeandála.*

## **Topaic 7: Beartas agus Nós Imeachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir le Guth na Mac Léinn**

Bhí roinnt dearcaí dearfacha i leith an Bheartais agus an Nóis Imeachta maidir le Guth na Mac Léinn le feiceáil sna freagraí ar an ghníomhaíocht sin. D'aontaigh mic léinn ar thábhacht an bheartais agus na nósanna imeachta agus ba léir gur mhothaigh cuid acu gur éisteadh leo agus go raibh oibleagáidí dearbhaithe cáilíochta á gcomhlíonadh. D'aontaigh go leor mac léinn go ndearnadh bearta maidir lena gcuid iarratas agus gur tugadh aghaidh ar a n-ábhair imní. Luadh Comhairle na Mac Léinn mar ghuth maith do mhic léinn.

Léirmheastóireacht chuiditheach a bhí i gceist i mórthromlach na mbarúlacha agus moltaí chun feabhais. Ní nach ionadh, bhain na freagraí ba choitianta leis an tábhacht a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag aimsiú bealaí éifeachtacha le héisteacht le mic léinn FET agus freastal ar a gcuid riachtanas.

I measc na bhfreagraí criticiúla a cuireadh isteach bhí ráitis nach gá gur faoin Bheartas agus Nós Imeachta féin a bhí siad, ach mar sin féin tugann siad léargas éigin ar na cineálacha feabhsuithe ba mhaith le mic léinn a fheiceáil.

### **Moltaí i dtaca leis an Bheartas agus Nós Imeachta maidir le Guth na Mac Léinn**

Bhí moltaí i dtaca leis an Bheartas agus Nós Imeachta maidir le Guth na Mac Léinn i measc na bhfreagraí ba choitianta:

- *Aontas/Comhairle na Mac Léinn a thabhairt isteach i gclár.*
- *A chinntiú go ndéantar bearta maidir le hathruithe/hiarratais má iarrtar iad agus go dtugtar aiseolas do mhic léinn.*
- *Glacadh le bealaí éagsúla chun éisteacht le guth na mac léinn.*
- *Meastóireachtaí cúrsaí agus modúl a dhéanamh go rialta.*
- *Cinntigh go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann ar fud na seirbhíse - faigheann mic léinn eispéireas difriúil in ionaid éagsúla.*
- *Rochtain a fheabhsú ar an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach.*
- *A chinntiú go bhfuil teacht ag gach mac léinn ar sheirbhísí tacaíochta.*
- *Aiseolas ar thorthaí a fheabhsú - ní eisítear gach toradh do mhic léinn.*
- *Déan athbhreithniú ar an phróiseas achomhairc - níl an tréimhse achomhairc praiticiúil i gcónaí m.sh. torthaí nach bhfuil ar ais in am le dul chun cinn a cheadú.*
- *Cumarsáid a fheabhsú - treoir shoiléir maidir le línte teagmhála. Torthaí aiseolais na mac léinn a fhoilsiú. Éist - Athbhreithnigh - Déan Beart - Tabhair freagra.*

### **Topaic 8: Cairt Mac Léinn ETBI**

Luadh réimse leathan dea-chleachtas i mbarúlacha na mac léinn, mar shampla: treoir, planáil mhaith ar chúrsaí atá cothrom le dáta, tacaíochtaí breise agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag seachadadh na nithe uilig ar tugadh achoimre orthu. Bhí na mic léinn uilig sásta leis an mhéid atá i gCairt Mac Léinn ETBI faoi láthair. Mheas an chuid is mó go raibh Ráiteas Misin ETB Dhún na nGall cuimsitheach agus ábhartha. Dealraíonn sé, áfach, go bhféadfaí go mbeadh réimsí ann ina bhféadfaí teanga níos simplí a úsáid, mar ní thuigeann roinnt mac léinn cad atá i gceist le measúnú cothrom, trédhearcach. D'fhéadfaí go mbeadh an iomarca sa doiciméad, nó d'fhéadfaí é a thabhairt isteach ag céimeanna éagsúla, le hualach oibre róthrom ar na mic léinn a sheachaint. I gcás amháin níor cuireadh an tacaíocht ar fáil a luadh ar an fhoirm chláraithe.



- *Ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta na tacaíochtaí breise atá de dhíth orthu a chur san áireamh ar an fhoirm chláráithe.*
- *Cé gur léiríodh ar an fhoirm iarratais go mbeadh tacaíocht bhreise ar fáil, rud a bheadh go hiontach, ní bhfuarthas an tacaíocht sin (m.sh. leis an chúrsa párolla - tacaíocht maidir le matamaitic trí m.sh. uair an chloig breise de theagasc matamaitice).*
- *Pleanáil mhaith ar ndóigh/Sásta le scrúduithe agus leis an phróiseas measúnaithe/foireann an-chairdiúil.*
- *Má sheachadtar ábhar ar luas tapa is féidir leis a bheith dúshlánach do mhic léinn áirithe.*
- *Piarthacaíocht mhaith.*
- *Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an-mhaith ag pleanáil agus ag seachadadh cúrsaí atá cothrom le dáta.*
- *Braitheann mic léinn go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag seachadadh an mhéid atá leagtha amach i gCairt ETBI m.sh. tacaíochtaí - is féidir leo labhairt le comhordaitheoirí, mic léinn eile, nó an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach.*
- *An t-ionduchtú maidir le bunrialacha ranga a leagan síos - clúdaigh an chuid sin den chairt.*
- *Tá gach a bhfuil sa chairt ábhartha agus ba chóir é a chur san áireamh.*
- *Déanann an ráiteas misin achoimre air.*
- *Tá Cairt na Mac Léinn cuimsitheach agus clúdaíonn sí gach pointe go maith.*
- *Is féidir 'ualach róthrom' a bheith ann. An iomarca do dhoiciméad amháin.*
- *Déanann sé tagairt d'iompar a bhfuiltear ag súil leis - b'fhéidir go bhfuil sé soiléir.*
- *B'fhéidir go bhféadfaí codanna de a thabhairt isteach ag céimeanna éagsúla ag tús an chúrsa agus iad a aontú.*
- *2ú paragraf - díriú ar riachtanais - níos mó béime anseo m.sh. luaigh nach bhfoghlaímíonn gach duine ar an bhealach chéanna - acmhainní, riachtanais, éagsúla, -stáit, teicnící teagmhálacha, níos mó cur i láthair, seachas éisteacht le léachtaí.*
- *Luaigh cumais éagsúla.*
- *Cad a chiallaíonn measúnú agus scrúdú atá cothrom agus trédhearcach?*
- *Faisnéis níos deifnídí faoi liúntais airgeadais srl.*
- *Faisnéis mhícheart curtha ar fáil go mion minic.*

### **Topaic 9: Cumarsáid agus Faisnéis**

Bhí ceithre cheist sa ghníomhaíocht sin a bhí dírithe ar fhaisnéis a bhailiú faoi cé chomh maith agus a dhéanann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall cumarsáid le mic léinn FET agus an dóigh ar féidir leis an eagraíocht feabhsú sa réimse sin.

Ba é úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta an téama ba shoiléire a d'éascair as na freagraí ar na ceisteanna sin, cé go raibh freagraí ann fosta a léirigh fonn go mbeadh níos mó idirghníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh ann, chomh maith le roinnt moltaí chun déileáil le cúinsí ar leith. Moladh *Google Classroom*, mar shampla, ach d'fhéadfadh sé a bheith iomarcach uaireanta do roinnt mac léinn.

Is léir go bhfuil difear idir modhanna cumarsáide idir ionaid agus cláir, sa mhéid is go n-úsáideann ionaid éagsúla modhanna éagsúla le freastal ar a gcuid riachtanas. Ar an iomlán, bhí comhaontú ginearálta i measc na mac léinn maidir leis na modhanna cumarsáide a d'oibrigh go maith, agus luadh cumarsáid trí na meáin/foirmeacha digiteacha mar na roghanna is fearr. Áiríonn siad: Ríomhphost, *Google Classroom*, na meáin shóisialta, *WhatsApp*, *Facebook*, téacs agus *Twitter*.

Luadh modhanna traidisiúnta, áfach, mar shampla litir, guthán, aghaidh ar aghaidh agus imeachtaí FET, mar mhodhanna tábhachtacha le faisnéis a chur in iúl do mhic léinn. Go háirithe, measadh go raibh tairbhe ag baint le haoichainteoirí agus leis an dóigh ar éascaigh foireann FET ceardlanna/seisiúin ar bhealaí dul chun cinn.

Moladh na línte cumarsáide le múinteoirí/oidí/teagascóirí agus comhordaitheoirí agus bhraith gach mac léinn compordach ag dul chun cainte leis an fhoireann.

Moladh an cúrsa ionduchtúcháin as a thionchar ar neartú foirne agus luadh Fóram na Mac Léinn mar bhealach maith chun bualadh le mic léinn ó chúrsaí eile. Aithníodh go raibh próisis athbhreithnithe ag deireadh na seachtaine agus ag deireadh an chúrsa an-tairbheach do na mic léinn sin a raibh taithe acu orthu.

Ar an iomlán, measadh go raibh éiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall curtha in iúl ar bhealach dearfach, agus na mic léinn bródúil go raibh siad ag críochnú cúrsa le Seirbhís FET an ETB agus ag rá gur bhraith siad gur 'éisteadh leo' mar mhic léinn.

Bhí barúlacha dearfacha ann maidir leis an tacaíocht iontach a fhaigheann mic léinn ó mhúinteoirí/oidí/theagascóirí. Is léir ón réimse tuairimí go bhfuil sé furasta dul chun cainte le múinteoirí/oidí/teagascóirí agus go soláthraíonn siad tacaíochtaí éagsúla lasmuigh den timpeallacht teagaisc agus foghlama, mar shampla meabhairshláinte agus comhairle airgeadais. Is léir go soláthraíonn roinnt mhaith teagascóirí/oidí/teagascóirí na tacaíochtaí luachmhara sin do mhic léinn lasmuigh d'amanna ranganna struchtúrtha.

## **Moltaí maidir le Cumarsáid agus Faisnéis**

Tháinig moltaí éagsúla chun cinn ón ghníomhaíocht sin, lena n-áirítear píosaí éagsúla faisnéise a choinneáil cothrom le dáta. D'iarr mic léinn sonraí teagmhála reatha na n-ionad, agus bheadh cumarsáid i dteangacha éagsúla úsáideach do chainteoirí teangacha eile.

- *An próiseas scrúdaithe a fheabhsú - Amchlár measúnuithe/scrúduithe a nuashonrú. Fógra ríomhphoist 2 sheachtain roimh ré.*
- *Féilire Cúrsaí a Fheabhsú - rómhall á nuashonrú.*
- *Cumarsáid i dteangacha éagsúla.*
- *Google Classroom a thabhairt isteach do gach cúrsa.*
- *Feabhas a chur ar an aiseolas do mhic léinn agus ar mheastóireachtí ar mhic léinn - A chinntiú go ndéantar meastóireachtaí i ngach cúrsa a reáchtáiltear agus gníomhú de réir na meastóireachtaí sin.*
- *Rochtain ar TF agus Wi-Fi a fheabhsú.*
- *Comhairle na Mac Léinn/Ionadaí Mac Léinn/Ardán do Mhic Léinn a thabhairt isteach.*
- *Faisnéis ar bhealaí dul chun cinn a fheabhsú.*
- *Tuilleadh rochtana ar Threoir.*
- *Tuilleadh cúrsaí ar líne.*
- *Lámhleabhar mac léinn a thabhairt isteach.*
- *A chinntiú go gcoinnítear sonraí teagmhála cothrom le dáta - uimhreacha teagmhála do mhic léinn - 1 uimhir theileafóin lárnach a eisiúint ag an tús.*
- *Cuntais Gmail do gach mac léinn.*
- *Bheith ábalta teagmháil a dhéanamh níos éasca le teagascóirí - teileafón nó ríomhphost.*
- *Déan athruithe cuí ionas go mbeidh sé níos fusa an láithreán gréasáin a nascleanúint.*

## **Topaic 10: Cuimsiú agus Éagsúlacht**

Ar an iomlán, bhí barúlacha na mac léinn an-dearfach, agus mhol go leor grúpaí an tacaíocht iontach a chuirtear ar fáil do mhic léinn agus an jab maith a dhéanann Seirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir le cuimsiú agus éagsúlacht. Liostáil trí ghrúpa an timpeallacht shábháilte mar ghné thábhachtach dá gcúrsa agus dá n-eispéireas iomlán.

Dúirt cúpla grúpa nár cheart go gcaithfí cuimsiú agus éagsúlacht nó comhionannas agus éagsúlacht a mhíniú nó a theagasc i saol an lae inniu. Dúirt daoine eile go bhfeádfaí feabhas a chur ar an scéal.

Maidir le mic léinn LADT, bhí cúpla barúil dhearfach ann, ach luaigh daoine eile go dtarlaíonn míthuiscint mar gheall ar easpa oideachais.

### **Moltaí maidir le Cuimsiú agus Éagsúlacht**

- *Oideachas leanúnach maidir le LADTA+ don fhoireann agus do mhic léinn.*
- *Pleanáil do phríomhthéamaí ag pointí i rith na bliana ar fud na gclár go léir lena n-áirítear Comhionannas, Éagsúlacht agus téamaí eile atá tábhachtach do mhic léinn.*

### **Topaic 11: Taithí Oibre**

Bhí comhaontú leathan i measc na mac léinn maidir leis na buntáistí a bhaineann le taithí oibre. D'aithin na foghlaimeoirí go bhfuil buntáistí ag baint le taithí oibre a bheith acu mar chuid de gach cúrsa. Bhí sé éasca ag cuid acu socrúchán oibre a fháil, ach bhí deacrachtaí ag cuid eile.

Cuireadh síos ar ghné na teoirice den mhodúl taithí oibre mar ghné leadránach agus atriallach. Ba dhúshlán é grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i roinnt cásanna. I measc na saincheisteanna eile a luadh bhí an deacracht maidir le taithí oibre a fháil, liúntas breosla, easpa treorach, easpa liosta socrúchán féideartha, an gá le pleanáil luath le haghaidh taithí oibre, an gá le seiceáil cé chomh hoiriúnach agus atá soláthraithe socrúchán, agus easpa cuairteanna ar an ionad oibre i roinnt ionad.

### **Moltaí maidir le Taithí Oibre**

- *Cur chuige comhsheasmhach i leith na pleanála ar fud na seirbhíse - beartas, cuairteanna ar shocrúcháin oibre, rialacháin agus ionchais, oiriúnacht socrúchán oibre.*
- *Comhionannas rochtana do mhic léinn ar fud na seirbhíse.*
- *Treoir shoiléir don fhoireann, do mhic léinn agus do sholáthraithe socrúchán oibre maidir leis na riachtanais agus a bhfuiltear ag súil leis.*

### **Topaic 12: Dúshlán**

Tá dúshlán éagsúla roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag tabhairt faoi chúrsa FET, ag tosú ag céim roghnúcháin agus iarratais an chúrsa. Ina measc sin tá an strus agus an imní a bhaineann le filleadh ar oideachas, de ghnáth i ndiaidh tréimhse shuntasach ar shiúl uaidh, strus de bharr scrúduithe agus tascanna, agus imní maidir le hidirghníomhaíocht shóisialta le daoine eile. Tá dúshlán phraiticiúla laethúla ann fosta maidir le cothromaíocht oibre is saoil, bainistíocht ama, cúram leanaí, taisteal, cóiríocht (má tá tú ag bogadh le tabhairt faoin chúrsa) agus impleachtaí airgeadais bhreise.

Is cosúil go bhfuil imní ar go leor mac léinn faoina gcuid scileanna sóisialta, bualadh le daoine nua agus cairdeas a dhéanamh. Cuireadh in iúl i roinnt mhaith barúlacha ar fud na gclár/an tsoláthair go léir gur dúshlán é bualadh le daoine den chéad uair agus cairdeas a dhéanamh agus luadh an tsaincheist sin i mbeagnach gach ráiteas aiseolais.

B'ábhar imní é fosta do roinnt mhaith mac léinn Leibhéal 5 socrúchán oibre a fháil, mar aon leis an imní maidir lena gcumas tascanna agus scrúduithe a dhéanamh. Tugann na barúlacha le tuiscint gur saincheisteanna iad muinín agus féinmheas a mbíonn roinnt mhaith mac léinn ag streachailt leo agus iad ag tabhairt faoi chúrsa.

## Moltaí maidir le Dúshláin

- *Cur chuige comhsheasmhach i leith ionduchtaithe chun na scileanna a theastaíonn le páirt a ghlacadh san fhoghlaim a thabhairt do mhic léinn.*
- *Faisnéis a fheabhsú maidir le taisteal agus cóiríocht.*
- *Feabhas a chur ar an tacaíocht atá ar fáil do mhic léinn atá ina gcónaí as baile.*
- *Tacaíocht staidéir a fheabhsú - is fearr a bheidh mic léinn in ann scrúduithe, measúnuithe srl a dhéanamh.*

## Suirbhé Mentimeter

Tugann go leor de na barúlacha a cuireadh isteach le fios go mbreathnaíonn mic léinn go dearfach ar sheirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.


- *Seirbhís den scoth. Ionad iontach, te agus fáilteach i gcónaí. Múinteoirí maithe.*
- *Eagraíocht iontach.*
- *Sásta leis an tseirbhís, is dóigh liom go dtugtar aire mhaith dom. Tá mé ag tnúth le teacht ar ais.*

### Ceist 1: Cad é mar a fuair tú amach faoi do chúrsa?

Mar gheall ar fhoclaíocht na ceiste sin tháinig téamaí stuama chun cinn go measartha soiléir. Tugtar achoimre ar na téamaí sin sa tábla thíos.


Líon iomlán na bhfreagraí	100
Focal béil seachas múinteoirí, oidí, treoir, cainteanna ar scoil	35
Múinteoirí, oidí, treoir, cainteanna ar scoil	19
Na meáin ar líne (gach cineál)	32
Na meáin shóisialta	10
Na meáin as líne (gach cineál)	15
Leabhrán	4
Nuachtán/Nuachtlitir	8

Raidió	2
Na meáin as líne (neamhshonraithe)	1
Fostóir/Obair	7
Club leasa shóisialaigh/post	3
Ionad Acmhainní Teaghlaigh	1
Gach foinse FET/ETB	18
Ar líne (suíomh gréasáin/fetchcourses.ie)	9
As líne (aontaí oiliúna, ionaid ETB, srl.)	9
(Aonach FET)	2




### Ceist 2: An mbraitheann tú go raibh tú ar an chúrsa cheart?

**Ceist 3: Ar thacaigh Seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leat an rogha ceart a dhéanamh maidir le cúrsa?**



**Ceist 4: Déan rátáil ar do thaithí ar Sheirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**



**Ceist 5: Tabhair moltaí, le do thoil, maidir leis an dóigh ar féidir linn seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a fheabhsú**

Ní raibh na téamaí a tháinig chun cinn mar fhreagairt ar an cheist sin chomh soiléir sin. Tá cuid de na cinn shuntasacha liostaithe sa tábla thíos.


Líon iomlán na bhfreagraí	85
Tuilleadh eolais	8
Cumarsáid níos fearr (le mic léinn agus ó mhic léinn)	8
Tuilleadh tacaíochta, lena n-áirítear treoir agus tacaíocht airgeadais	10

Níos mó airgid	3
Níos mó treorach	3
Oiliúint múinteoirí / eagrúchán	6
Acmhainní ar líne (mol na mac léinn san áireamh)	5
Tuilleadh cúrsaí ar fáil i “gceantair áitiúla”	5

I measc na bhfreagraí eile ar an cheist sin bhí moltaí maidir le:

- Nuashonraigh ábhar na modúl atá as dáta.
- Rochtain ar acmhainní TF (ar nós ríomhaire agus printéir) a chur ar fáil taobh amuigh d’amanna na ranganna.
- Níos mó gearrchúrsaí a chur ar fáil agus iad a reáchtáil taobh istigh d’uaireanta scoile.
- Tuilleadh faisnéise ar shaincheisteanna LADT a sholáthar do ranganna Cumasóige, le cuimsiú a fheabhsú.

**Ceist 6: Dearadh imeacht an lae inniu le do ghuth a ghabháil. Cé chomh héifeachtach agus a rinneadh é sin?**



**Ceist 7: Tabhair moltaí, le do thoil, maidir le cad é mar is féidir linn Guth na Mac Léinn a ghabháil amach anseo**


<b>Líon iomlán na bhfreagraí</b>	<b>82</b>
Níos mó fóram do mhic léinn	9
Aiseolas ar líne (lena n-áirítear suirbhéanna, aiseolas ó na meáin shóisialta agus <i>Mentimeter</i> )	17
Suirbhéanna (lena n-áirítear suirbhéanna ar líne)	23

**Ceist 8: Cad iad na cúrsaí ba mhaith leat dá dtairgfeadh Seirbhísí FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a thairiscint amach anseo?**


<b>Líon iomlán na bhfreagraí</b>	<b>84</b>
Ceol (lena n-áirítear cúrsaí DJ)	15
Cúrsaí DJ	7
Ealaín	3
Scannán / Grianghrafadóireacht	3

Scríbhneoireacht	2
Teangacha	9
Cúrsa ríomhaireachta lena n-áirítear Sábháilteacht Idirlín/Saoránacht Dhigiteach	4
Inbhuanaitheacht	3


**Ceist 9: Cén modh seachadta is fearr a oireann do do riachtanais?**



**Ceist 10: An fearr leat an teideal Mac Léinn nó Foghlaimoir?**



**Ceist 11: An molfá Seirbhísí FET ETB Dhún na nGall do do chara?**



### Ardoideachas

Bhí líon beag freagraí eile ar na ceisteanna *Mentimeter* a léiríonn go bhfuil suim ag na freagróirí dul ar aghaidh chuig ardoideachas. Ina measc bhí:

- *Déan roinnt cúrsaí céime, ach ar luas níos moille ná ollscoileanna (Ceist 5)?*

- *Cúrsaí rochtana ar ollscoil (Ceist 8)*
- *Cúrsaí ardleibhéil (Ceist 8)*
- *Cúrsaí PLC atá cosúil le hollscolaíocht (Ceist 8)*



#### IV. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Sna freagraí uilig ar na ceisteanna, chuir mic léinn FET in iúl gur mian leo eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a fháil. Tugann cuid mhaith den líon mór aiseolais a bailíodh le fios go bhfuil roinnt mhaith mac léinn bródúil as clár FET a chríochnú, ach fosta go bhfuil siad ag súil le cuid mhór ó chúrsaí, ó fhoireann agus ó áiseanna Sheirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus aithníonn siad cásanna nuair a bhraitheann siad nach bhfuil siad ag fáil a raibh siad ag súil leis.

Is léir go bhfuil meas ag mic léinn ar dheiseanna chun a gcuid barúlacha a thabhairt laistigh den eagraíocht, agus beidh cumas na Seirbhíse FET cumarsáid a dhéanamh lena mic léinn agus éisteacht leo ag gach leibhéal - in idirghníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh leis an fhoireann, laistigh de chlár agus laistigh den bhainistíocht - criticiúil maidir le córas láidir, comhtháite Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus an taithí foghlama ar ardchaighdeán a theastaíonn ó mhic léinn a sheachadadh.

D'éascair dhá théama go láidir ón aiseolas maidir le taithí foghlama ginearálta na mac léinn leis an tSeirbhís FET:

- **Tacaíocht do mhic léinn**

Ní nach ionadh, mar gheall ar an réimse leathan deacrachtaí féideartha a sainaitníodh i bhfreagraí ar an ghníomhaíocht maidir le dúshlán, leag rannpháirtithe san fhóram béim ar thábhacht gach cineál tacaíochta, ó phiarthacaíocht agus aiseolas neamhfhoirmiúil ón fhoireann teagaisc go struchtúir fhoirmiúla tacaíochta mar an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach.

Caithfidh na beartais agus na nósanna imeachta DC a mhúnlaíonn timpeallacht foghlama agus taithí fhoriomlán na mac léinn a bheith ina gcomhphárteanna i gcóras a uasmhéadaíonn na deiseanna do mhic léinn leas a bhaint as tacaíochtaí foirmiúla a thairgeann an eagraíocht agus as na tacaíochtaí neamhfhoirmiúla a sholáthraíonn baill foirne agus comh-mhic léinn go minic. Má chinntítear é sin, cuideoidh sé leis an oideachas foghlaimoirlárnach agus le cumhachtú na mac léinn a choinneáil ag an chaighdeán chuí de réir mar atá sonraithe i bhFís agus i Ráiteas Misin Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

- **Faisnéis**

Tá inrochtaineacht faisnéise cineál ceangailte leis an cheist maidir le tacaíochtaí do mhic léinn. Mar shampla, agus é ag freagairt don ghníomhaíocht Cúram Tréadach, dúirt rannpháirtí amháin san fhóram:

*Ní raibh a fhios agam go raibh treoirchomhairleoireacht á cur ar fáil ag an ETB - ní raibh mé ar an eolas.*

Cé gur léir go bhfuil fadhbanna ag baint le heaspa faisnéise, tugann freagraí ar Chairt na Mac Léinn agus ar an ghníomhaíocht maidir le Cumarsáid agus Faisnéis le fios go mbíonn deacrachtaí ag roinnt mac léinn le barraíocht faisnéise.

Is léir go dteastaíonn modhanna cumarsáide solúbtha idir an eagraíocht agus a cuid mac léinn le faisnéis a chur ar fáil do mhic léinn FET nuair a bhíonn sí de dhíth orthu. Mhol roinnt mhaith mac léinn gur chóir úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach le faisnéis a sholáthar, agus beidh Mol na Mac Léinn ina nuálaíocht iontach ina leith sin, ach léirigh mic léinn eile gurbh fhearr leo idirghníomhaíochtaí pearsanta.

Is gá bealaí a aimsiú le faisnéis a chur ar fáil do mhic léinn trí réimse éagsúil bealaí (m.sh. ar líne, fón póca, foireann, struchtúir seirbhíse FET, ábhar clóite, imeachtaí agus ionduchtuithe, srl.) lena chinntiú go gcumhachtófar na mic léinn faoi mar atá beartaithe i Ráiteas Misin Sheirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.